

# N3

## FOILSIÚ TUARASCÁIL ROGHNÚCHÁIN NA ROGHANNA & DEARBHÚ NA ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

JUNE 2022

### Cur Síos ar an Tionscadal

In éineacht le tacaíocht ó Bhoneagar Iompair Éireann (TII), tá Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) agus Comhairle Contae na Mí ag cur pleanáil agus dearadh an tionscadail N3 M50 go Cluain Aodha chun cinn. Tá CCFG ag obair chun scéim iompair ilmhódaigh a fhorbairt feadh chonair an N3/M3 idir an M50 agus Cluain Aodha, dírithe ar rochtain fhadtéarmach ar iompar poiblí a fheabhsú agus ar fhadhbanna brú tráchta reatha agus amach anseo a laghdú. Tá innealtóirí comhairleacha, ROD-AECOM, ceaptha chun an staidéar agus na dearáí is gá a dhéanamh, lena n-áirítear gach measúnú timpeallachta atá ag teastáil.

Is nasc straitéiseach é conair an N3/M3 ar an ngréasán bóithre náisiúnta a bhfuil fás suntasach tagtha ar an trácht le blianta beaga anuas. Tá sé mar aidhm ag beartas poiblí ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil conair iompair ardchaighdeáin a chur ar fáil chun tacú agus a bheith mar bhonn faoi fhorbairt eacnamaíoch na gceantar atá nasctha ag gréasán bóithre straitéiseacha an N3/M3 i bhFine Gall, sa Mhí agus sa réigiún níos leithne.

### Céard atá ag tarlú anois – foilsiú na rogha is dealraithí a roghnófar

Foilsíodh an Rogha is Dealraithí a Roghnófar (Rogha DS 2 Leathnú Airmheáin Ar Líne) don tionscadal seo i mBealtaine 2021, agus ina dhiaidh sin bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil ag lorg aiseolais ar an togra. Tar éis an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí sin a thabhairt chun críche agus measúnú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas, tá Tuarascáil Iar-Chomhairliúcháin ar fáil anois le híoslódáil ó [Thairseach CCFG \(https://consult.fingal.ie/en/browse\)](https://consult.fingal.ie/en/browse)

Tar éis an Próiseas Roghnaithe Roghanna a thabhairt chun críche agus athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí agus ar an aiseolas a fuarthas tríd an gcomhairliúchán poiblí neamhreachtúil, ar an mórgóir níl aon eolas nua agus/nó breise ann as a n-eascródh leasú ar an Rogha is Dealraithí a cuireadh i láthair roimhe seo. Mar sin, tá Rogha DS 2, gan aon leasuithe, roghnaithe mar an Rogha is Dealraithí agus moltar lean ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas dearaidh, i.e. Céim 3 - Dearadh agus Measúnú Timpeallachta. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin, breithneofar bearta taistil inbhuanaithe agus gníomhacha atá feabhsaithe go mór i gCéim 3.

Taispeántar plean den Rogha is Dealraithí ar an taobh eile den leathanach. Ní léiríonn an t-ailíniú a thaispeántar leithead fíor na scéime bóithre nó na tailte atá le fáil. Léiríonn an chonair scáthaithe na tailte ina bhféadfaí an scéim bóthair N3 M50 go Cluain Aodha a fhorbairt faoi réir a thuilleadh deartha agus measúnaithe.

Tá an Tuarascáil Roghnúcháin foilsithe anois, lena ndoiciméadtar an próiseas chun an Rogha is Dealraithí a roghnú agus ina ndéantar cur síos ar an réasúnaíocht agus na critéir a cuireadh i bhfeidhm sa phróiseas seo.

• D'fhéadfaí an Tuarascáil a fheiceáil nó a íoslódáil ó Thairseach CCFG (<https://consult.fingal.ie/en/browse>).

• D'fhéadfaí é a fheiceáil ag na láithreacha seo a leanas freisin ó 2pm 29 Meitheamh 2022:

- Comhairle Contae Fhine Gall, Áras an Chontae, an tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2 (Luan - Déardaoin 9am - 5pm; Dé hAoine - 9am - 4.30pm.)
- Comhairle Contae Fhine Gall, Oifigí Cathartha, Bóthar an Gharráin, Baile Átha Cliath, D15 W638 (Luan - Déardaoin 9am - 5pm; Dé hAoine - 9am - 4.30pm.)
- Buvinda House, Bóthar Baile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291 (Luan - Déardaoin 9am-1pm agus 2-5pm)

### Na Chéad Chéimeanna Eile


Tar éis roghnú na Rogha is Dealraithí, d'fhéadfaí tús a chur leis an gcéad chéim eile den phróiseas pleanála agus dearaidh (i.e. Céim 3: Dearadh agus Measúnú Timpeallachta) faoi réir ceaduithe ábhartha. Forbrófar dearadh na Rogha is Dealraithí, lena n-áirítear feabhsuithe ar acoimhail, lánaí bus tosaíochta, agus áiseanna feabhsaithe do thaisteal gníomhach, comhthreomhar le agus trasna chonair an M3/N3. Ansin, ullmhófar Measúnú Tionchair Timpeallachta agus déanfar cinneadh ar aon fháil tailte is gá. Leanfaidh Foireann Tionscadail an N3 M50 go Cluain Aodha ag plé le daoine a chónaíonn, a oibríonn agus úinéirí talún agus réadmhaoine laistigh den cheantar ar feadh an phróisis. Chun eolas a thabhairt don phróiseas dearaidh, déanfaidh Foireann Tionscadail an N3 M50 go Cluain Aodha raon suirbhéanna innealtóireachta agus láithreáin timpeallachta ar dtús.

Beidh an fhoireann dearaidh i dteagmháil le húinéirí talún dá ndéanann na suirbhéanna difear chun socruithe a dhéanamh maidir le rochtain. De réir mar a thugtar na suirbhéanna suimh chun críche, d'fhéadfaí dearadh tosaigh an bhóthair a bheith níos sainithe. Nuair atá leibhéal sonraí sroichte ag an dearadh ionas gur féidir plé eolach a dhéanamh, déanfar teagmháil le húinéirí talún a bhfuil tionchar díreach acu orthu maidir leis an dearadh agus an tionchar a bhfuil aige ar thalamh agus ar réadmhaoin. Ina dhiaidh sin, breithneofar aiseolas, agus d'fhéadfadh leasuithe a dhéanamh, sula dtabharfar na riachtanais deartha agus talún chun críche. Tá na dátaí léirithe ar an bhfigiúr tascach, faoi réir ceadú chun tús a chur le Céim 3, agus d'fhéadfadh go n-athrófar iad de réir mar a théann próiseas dearaidh Céim 3 ar aghaidh.

Staidéir & Taighde	Foilsiú & Garspriocanna	Rannpháirtíocht an Rhoiblí
Forbairt Roghanna agus Mionleasú	Sainaithint Roghanna	N/B
Measúnú Roghanna chun Tacú le Sainaithint na Rogha is Dealraithí a Roghnófar	Sainaithint na Rogha is Dealraithí a Roghnófar	Rogha is Dealraithí a Roghnófar Comhairliúchán Poiblí
Tuarascáil Roghnúcháin & Dearbhú na Rogha is Dealraithí	Sainaithint na Rogha is Dealraithí	Rannpháirtíocht na Páirtithe Leasmhara
Measúnú Dearaidh Críochnaithe agus Doiciméid Reachtúla	Ullmhúchán Aighneachta Pleanála	Doiciméid Reachtúla lena n-áirítear Measúnuithe Timpeallachta
Faoi réir Faomhadh an Rialtais Déan Aighneacht Pleanála	Eisiúint Aighneachtaí & Oird Pleanála	An Bord Pleanála Comhairliúchán Reachtúil

# Rogha is Dealraithí - Amharc an Phlean

© ORDNANCE SURVEY IRELAND, 2021.  
 ALL RIGHTS RESERVED LICENCE NUMBER 2021/151/NMA/MEATHCOUNTYCOUNCIL  
 ALL RIGHTS RESERVED LICENCE NUMBER 2021/OSI\_NMA\_057/FINGALCOUNTYCOUNCIL



## Rogha is Dealraithí

Ba é an rogha is fabhraí sa mheasúnú roghanna ná **Leathnú Airmheáin DS2 Ar Líne**. Méadóidh soláthar lána bhreise sábháilteacht agus éifeachtacht an ghréasáin agus éascóidh sé seirbhísí feabhsaithe iompair phoiblí. Íoslaghódar an tionchar ar thalamh in aice láimhe trí úsáid a bhaint as an meánmheán leathan atá ann.

Soláthraíonn an rogha seo buntáiste foriomlán suntasach maidir le sruth tráchta agus feabhas a chur ar iontaofacht amanna turais an iompair phoiblí.

Tá feabhsuithe beartaithe ar **Lána Réigiúnach an Bhus Isteach** mar bheart comhlántach in éineacht leis an rogha **Leathnú Airmheáin DS2 Ar Líne**

Má tá tuilleadh ceistanna agat faoin bpróiseas dearaidh, nó más mian leat labhairt le duine éigin faoin tionscadal, tá Foireann Tionscadail an N3 M50 go Cluain Aodha ar fáil agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo tríd an bpost chuig:

An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,  
 An Roinn Pleanála agus Infreastruchtúir Straitéisigh,  
 Comhairle Contae Fhine Gall,  
 Áras an Chontae,  
 An tSráid Mhór,  
 Sord,  
 Co. Bhaile Átha Cliath,  
 K67 X8Y2

## Rogha is Dealraithí - Forbairt Trasghearrtha




Figure 3: Emerging Preferred Option - Median Widening between Junction 2 Snugborough and Parslicktown Junction